Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Márta 2022**
**(OR. en)**

**7582/22**

**UK 55**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 24 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 126 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann 1 Eanáir – 31 Nollaig 2021 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 126 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 126 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.3.2022
COM(2022) 126 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann**

**1 Eanáir – 31 Nollaig 2021**

GA GA

# Tuairisc ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

1 Eanáir – 31 Nollaig 2021

Clár Ábhair


1. Réamhrá ... 3

2. Creat institiúideach ... 4

3. Uirlisí forfheidhmithe agus réiteach díospóidí ... 5

4. Trádáil in earraí ... 6

5. Seirbhísí agus infheistíocht, trádáil dhigiteach, maoin intleachtúil, soláthar poiblí agus fiontair bheaga agus mheánmhéide ... 10

6. Fuinneamh ... 14

7. Cothrom iomaíochta um an iomaíocht chóir agus oscailte agus um fhorbairt inbhuanaithe ... 14

7.1. Caighdeáin saothair agus caighdeáin shóisialta, an comhshaol agus an aeráid, forbairt inbhuanaithe ... 15

7.2. Rialú Fóirdheontais ... 16

8. Iompar ... 17

9. Iascach ... 18

10. Comhordú na slándála sóisialta ... 18

11. Forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla ... 19

12. Rannpháirtíocht i gcláir an Aontais Eorpaigh ... 19

13. Conclúidí ... 20

# 1. Réamhrá

Rinneadh an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an Ríocht Aontaithe), den pháirt eile[1] a shíniú an 30 Nollaig 2020. Tháinig sé i bhfeidhm go sealadach an 1 Eanáir 2021. Tar éis na próisis daingniúcháin a thabhairt chun críche san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe, tháinig sé i bhfeidhm go foirmiúil an 1 Bealtaine 2021.

Bunaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair bonn cuimsitheach don chaidreamh idir na páirtithe i raon leathan réimsí, lena n-áirítear trádáil, iompar, iascach, forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, comhar téamach agus rannpháirtíocht i gcláir an Aontais Eorpaigh. Tá forálacha ina mbonn taca dó lena n-áirithítear cothrom iomaíochta, forbairt inbhuanaithe agus urraim do chearta bunúsacha, mar aon le socruithe maidir le rialachas agus réiteach díospóidí.

I measc chomhaontuithe saorthrádála an Aontais Eorpaigh le tíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad, tá an Comhaontú Trádála agus Comhair uathúil sa mhéid agus gur tugadh i gcrích é le hiar-Bhallstát. Mar thoradh air sin, bhí na coinníollacha trádála agus comhair a bunaíodh leis an gComhaontú Trádála agus Comhair níos srianta ná na coinníollacha a bhí i bhfeidhm go dtí deireadh 2020, nuair a tháinig deireadh leis an idirthréimhse a leagtar amach sa Chomhaontú um Tharraingt Siar[2]. Is iarmhairt dhosheachanta í seo den Ríocht Aontaithe ag fágáil Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh agus an mhargaidh aonair.

Is é cuspóir an Aontais caidreamh cobhsaí agus dearfach a bhunú leis an Ríocht Aontaithe. Cé gur baineadh dul chun cinn maith amach i mbunú na struchtúr le haghaidh comhair atá leagtha amach sa Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá roinnt dúshlán fós ann. Tá deacrachtaí fós ann maidir leis an gcaidreamh níos leithne leis an Ríocht Aontaithe, go háirithe iad siúd a bhaineann le cur chun feidhme an Phrótacail maidir le hÉirinn agus Tuaisceart Éireann faoin gComhaontú um Tharraingt Siar.

Is í seo an chéad tuarascáil maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, mar a cheanglaítear le hAirteagal 2(4) de Chinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021.[3] Cuirtear i láthair sa tuarascáil staid na himeartha maidir le raon réimsí a gcumhdaítear faoin gComhaontú Trádála agus Comhair le

---

1 An Comhaontú Trádála agus Comhair idir Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an Aontais Eorpaigh, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L 149/10) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:22021A0430(01)&from=GA

2 An Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (2019/C 384 I/01)https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:12019W/TXT(02)&from=GA

3 Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an Aontais Eorpaigh, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L149/2) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32021D0689&from=GA

linn na chéad bhliana dá chur i bhfeidhm. Féachtar sa tuarascáil freisin le héifeacht an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair a chainníochtú le sonraí, nuair is ann dóibh.

## 2. Creat institiúideach

Cruthaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair a chreat institiúideach féin chun a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm a mhaoirsiú agus a éascú. Cuireadh an struchtúr seo ar bun go rathúil in 2021 agus tá sé ag feidhmiú go hiomlán anois.

Tháinig an Chomhairle Comhpháirtíochta, a dhéanann maoirseacht ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair ar an leibhéal polaitiúil, le chéile den chéad uair an 9 Meitheamh 2021. Phléigh na páirtithe, i measc nithe eile, iascach, an neamh-idirdhealú maidir le táillí ar víosaí oibre, forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach, chomh maith le rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i gcláir an Aontais Eorpaigh[4]. Mar sin féin, níorbh fhéidir ráiteas comhpháirteach a chomhaontú toisc gur dhiúltaigh an Ríocht Aontaithe tagairt a dhéanamh do chur chun feidhme iomlán an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar mar réamhriachtanas do chaidreamh láidir sa todhchaí.[5]

Thionóil na comhlachtaí comhpháirteacha uile a thugann cúnamh don Chomhairle Comhpháirtíochta in ábhair a chumhdaítear faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, lena n-áirítear an Coiste um Chomhpháirtíocht Trádála agus na 11 choiste speisialaithe trádála, a thacaíonn lena chuid oibre i réimsí sonracha, cruinnithe le linn 2021:

- An Coiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta (6 Iúil 2021);
- An Coiste Speisialaithe um Fhuinneamh (14 Iúil 2021);
- An Coiste Speisialaithe um Iascach (20 Iúil agus 27 Deireadh Fómhair 2021);
- An Coiste Speisialaithe Trádála um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta (22–23 Meán Fómhair 2021);
- An Coiste Speisialaithe Trádála um Chomhar Custaim agus um Rialacha Tionscnaimh (7 Deireadh Fómhair 2021);
- An Coiste Speisialaithe Trádála maidir le hEarraí (8 Deireadh Fómhair 2021);
- An Coiste Speisialaithe um Sheirbhísí, Infheistíocht agus Trádáil Dhigiteach (11 Deireadh Fómhair 2021);
- An Coiste Speisialaithe Trádála um Sholáthar Poiblí (12 Deireadh Fómhair 2021);
- An Coiste Speisialaithe Trádála um Chothrom Iomaíochta um an Iomaíocht Chóir agus Oscailte agus um Fhorbairt Inbhuanaithe (12 Deireadh Fómhair 2021);
- An Coiste Trádála Speisialaithe um Maoin Intleachtúil (13 Deireadh Fómhair 2021);
- An Coiste Speisialaithe Trádála um Chomhar Rialála (13 Deireadh Fómhair 2021);
- An Coiste Speisialaithe um Aeriompar (14 Deireadh Fómhair 2021);
- An Coiste Speisialaithe Trádála um Bacainní Teicniúla ar an Trádáil (15 Deireadh Fómhair 2021);

---

4 Cláir oibre agus miontuairiscí chruinnithe na Comhairle Comhpháirtíochta agus na gcoistí: https://ec.europa.eu/info/strategy/relations-non-eu-countries/relations-united-kingdom/eu-uk-trade-and-cooperation-agreement/meetings-eu-uk-partnership-council-and-specialised-committees-under-trade-and-cooperation-agreement_en

5 Ráiteas ón gCoimisiún Eorpach tar éis an chéad chruinnithe den Chomhairle Comhpháirtíochta: https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/20210609_unilateral_pc_statement_002_final.pdf

- An Coiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach (19 Deireadh Fómhair 2021);
- An Coiste um Chomhpháirtíocht Trádála (16 Samhain 2021);
- An Coiste Speisialaithe um Shábháilteacht Eitlíochta (23 Samhain 2021);
- An Coiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar (24 Samhain 2021);
- An Coiste Speisialaithe um Chomhar Riaracháin i CBL agus Gnóthú Cánacha agus Dleachtanna (15 Nollaig 2021); agus
- An Coiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gCláir an Aontais (21 Nollaig 2021).

I gcomhréir leis na socruithe comhaontaithe, rinne an Coimisiún Eorpach ionadaíocht ar an Aontas Eorpach sna cruinnithe sin, ach comhordaíodh seasaimh a bhí le glacadh thar ceann an Aontais leis an gComhairle. Tháinig ionadaithe na mBallstát isteach sna cruinnithe mar chuid de thoscaireacht an Aontais. Cuireadh Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí na gcomhlachtaí comhpháirteacha.

Glacadh céimeanna freisin chun comhar parlaiminteach a bhunú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe. Chomhaontaigh na páirtithe go mbeadh 35 Fheisire ó Pharlaimint na hEorpa agus ó pharlaimint na Ríochta Aontaithe faoi seach ar an Tionól Parlaiminteach Comhpháirtíochta (an Tionól) a bunaíodh faoin gComhaontú Trádála agus Comhair. Faomhadh toscaireacht an Aontais chuig an Tionól i mí Dheireadh Fómhair 2021.[6] Cuirfidh an Tionól tús lena chuid oibre in 2022.

Tá tús curtha freisin leis an bpróiseas a bhaineann leis an tsochaí shibhialta i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair. D'aontaigh an Coimisiún agus an Ríocht Aontaithe go neamhfhoirmiúil le treoirlínte oibríochtúla Fhóram na Sochaí Sibhialta. Ní mór don Chomhairle Comhpháirtíochta na treoirlínte sin a fhormhuiniú chun go dtosóidh Fóram na Sochaí Sibhialta ag obair.[7] Bunaíodh Grúpa Comhairleach Baile an Aontais freisin chun idirphlé níos leithne a chumasú maidir leis na hábhair a chumhdaítear faoin gComhaontú Trádála agus Comhair. Tacaíonn Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa leis an nGrúpa Comhairleach Baile, a chomhordaíonn cruinnithe agus a choinníonn teagmhálacha le comhpháirtithe na sochaí sibhialta. Tionóladh an chéad chruinniú den Ghrúpa Comhairleach Baile an 25 Samhain 2021.[8]

## 3. Uirlisí forfheidhmithe agus réiteach díospóidí

Mar fhreagra ar iarratais ó na Ballstáit, bhunaigh an Coimisiún pointe lárnach[9] chun deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara gearáin a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair a chlárú. Is féidir le gnólachtaí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, fostóirí, ceardchumainn agus an pobal i gcoitinne san Aontas an córas seo a úsáid mar chéad phointe iontrála chun fadhbanna a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair a thuairisciú. Tá an pointe lárnach nasctha leis na huirlisí atá ann cheana a d'fhorbair an Coimisiún, amhail an pointe iontrála aonair chun gearáin a bhaineann le trádáil a chlárú, lena n-áirítear saincheisteanna rochtana ar an

6 Féach: https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2021-0398_EN.pdf
7 Beidh faisnéis faoi chruinnithe Fhóram na Sochaí Sibhialta ar fáil ag https://trade.ec.europa.eu/dialogue/index.cfm
8 https://www.eesc.europa.eu/en/tags/international-trade?page=1
9 https://ec.europa.eu/assets/sg/complaint_eu_uk_tca/complaints_ga/

margadh, cothrom iomaíochta agus forbairt inbhuanaithe. Léiríonn na huirlisí sin na hiarrachtaí méadaithe atá á ndéanamh ag an gCoimisiún chun forfheidhmiú agus cur chun feidhme a chomhaontuithe idirnáisiúnta a neartú.

Thairis sin, le bheith in ann bearta forfheidhmiúcháin a chur ar siúl, rinne an Coimisiún tograí[10] chun glacadh beart aontaobhach agus beart forfheidhmiúcháin a rialú, bearta a thiocfadh in ionad an chumhachtaithe dá bhforáiltear i gCinneadh (AE) 2021/689[11] ón gComhairle maidir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair a thabhairt i gcrích.

In 2021, níor iarr ceachtar páirtí comhairliúcháin ná binse eadrána a bhunú faoi na rialacha maidir le réiteach díospóidí an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair. Mar chuid de chur chun feidhme na rialacha seo, mhol an tAontas go foirmiúil, an 14 Nollaig 2021, daoine aonair atá toilteanach agus in ann fónamh mar bhaill de bhinse eadrána.[12]

## 4. Trádáil in earraí

Ag deireadh na hidirthréimhse, roinn an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach ina dhá chríoch chustaim ar leithligh, agus ina dhá mhargadh ar leithligh le haghaidh earraí, a bhfuil a córas rialála féin ag gach ceann acu, rud a chruthaíonn gan dabht bacainní ar thrádáil.

Cé go ndéanann an Comhaontú Trádála agus Comhair foráil do thrádáil gan taraifí agus cuótaí ar gach allmhairiú idir na páirtithe, tháinig deireadh le trádáil shaoráideach in earraí agus tháinig bacainní neamhtharaifí chun cinn arís. Ón mbliain 2021 ar aghaidh, tá gach onnmhairiú ón Ríocht Aontaithe chuig an Aontas faoi réir nósanna imeachta custaim agus seiceálacha custaim. Ní mór deimhnithe sláinte a bheith ag gabháil le coinsíneachtaí agraibhia agus ní mór cigireachtaí sláintíochta agus fíteashláintíochta (SPS) a bheith déanta orthu ag poist rialaithe teorann na mBallstát. Ina theannta sin, ní mór do gach earra rialacha agus bearta rialála éagsúla a chomhlíonadh, toisc nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh.

---

[10] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú chearta an Aontais i ndáil le cur chun feidhme agus forfheidhmiú an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, COM(2022) 89; agus Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú chearta an Chomhphobail i dtaca le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, COM(2022) 100.

[11] Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L149/2) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32021D0689&from=GA)

[12] https://ec.europa.eu/info/system/files/ares_20217728182_letter_from_vice-president_sefcovic_to_the_united_kingdom_minister_of_state_lord_frost_signed.pdf

Ina theannta sin, ní mór d'earraí a thrádáiltear idir an dá pháirtí na rialacha tionscnaimh a bhunaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair a chomhlíonadh má tá siad le leas a bhaint as cóir fhabhrach le 0 % de dhleachtanna custaim. Is féidir leis a bheith dian tionscnamh earra a chruthú, go háirithe má fhoinsíonn gnólachtaí comhpháirteanna ó roinnt tíortha. Chun roghnú na cóire fabhraí a éascú, ghlac an Coimisiún reachtaíocht[13] lena mbunaítear idirthréimhse ina bhféadfadh onnmhaireoirí an Aontais ráitis tionscnaimh a eisiúint bunaithe ar dhearbhuithe soláthróirí, fiú in éagmais doiciméadacht iomláin, ar choinníoll go mbeadh sé acu faoi dheireadh 2021. Amhail ó 2022, beidh feidhm ag ceanglais chaighdeánacha maidir le ráitis maidir le tionscnamh a dhéanamh amach. Maidir le hallmhairí isteach san Aontas ón Ríocht Aontaithe, bhain breis agus 80 % de na hearraí tairbhe as cóir fhabhrach. Áirithíonn an Coimisiún i gcomhar leis na Ballstáit go gcuirtear na rialacha tionscnaimh chun feidhme i gceart agus tugann sé treoir agus míniú d'údaráis chustaim agus do ghnólachtaí.

In ainneoin nach bhfuil aon dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh, thuairiscigh gnólachtaí go forleathan faoi chur isteach ar shlabhraí soláthair. Tá na deacrachtaí atá ag gnólachtaí an Aontais i gcomhréir lena bhféadfaí coinne a bheith ag duine leis, eadhon:

- costais mhéadaithe toisc gur ghá déchórais rialála agus foirmiúlachtaí breise a chomhlíonadh;
- moilleanna ag an teorainn mar gheall ar cheanglais nua nós imeachta; agus
- deacracht maidir le rialacha allmhairiúcháin athraithe a chomhlíonadh.

Rinne an Coimisiún gach iarracht cuidiú leis na Ballstáit agus le gnólachtaí an Aontais a mbealach a dhéanamh tríd an timpeallacht nua. Mar shampla, maidir le ceanglais SPS, i gcás inar tharla fadhbanna áirithe ag tús 2021, cuireadh treoir ar fáil go pras maidir le cur i bhfeidhm ceart rialacha SPS. I réimse an chustaim, foilsíodh treoir maidir leis na rialacha tionscnaimh agus saincheisteanna custaim eile mar aon le seicliostaí agus faisnéis ábhartha eile.[14] Mar thoradh air sin, tháinig laghdú suntasach ar líon na saincheisteanna sa dá réimse de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh. Ó thaobh an Aontais de, chuir an Ríocht Aontaithe cur chun feidhme na gceanglas custaim agus SPS maidir le hallmhairí ón Aontas ar athló arís agus arís eile in 2021. Cuireadh tús leis na foirmiúlachtaí seo a chur chun feidhme i mí Eanáir 2022 agus tabharfar isteach iad de réir a chéile go dtí Deireadh Fómhair 2022, de réir an chur chuige céimnithe a shainítear sa tSamhail Oibriúcháin Teorann. D'fhéadfadh a gcur i bhfeidhm a bheith dúshlánach d'onnmhaireoirí an Aontais agus do na Ballstáit i ngeall ar thionchar lóistíochta na nósanna imeachta nua, go háirithe an gá atá le dearbhuithe a cheanglaítear agus doiciméid tacaíochta a chur isteach sula seolfar earraí ó chalafoirt an Aontais chuig an Ríocht Aontaithe, chomh maith le castacht an chórais TF a chuir an Ríocht Aontaithe ar bun.

Tá an Coimisiún i ndlúth-theagmháil leis na Ballstáit lena áirithiú go bhfuil a gcuid riarachán agus gnólachtaí dea-ullmhaithe. Tá an fhaisnéis ábhartha ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.[15] Chun an trádáil in earraí a thagann faoi cheanglais SPS a éascú, cuireadh

---

[13] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2254 ón gCoimisiún an 29 Nollaig 2020 maidir le ráitis maidir le tionscnamh a dhéanamh amach ar bhonn dhearbhuithe an tsoláthróra maidir le honnmhairithe fabhracha chuig an Ríocht Aontaithe le linn idirthréimhse (IO L446/1) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32020R2254&from=EN

[14] https://ec.europa.eu/taxation_customs/customs-4/international-affairs/third-countries/united-kingdom_en

[15] https://ec.europa.eu/taxation_customs/customs-4/international-affairs/third-countries/united-kingdom/new-import-formalities-bring-goods-eu-uk-1-january-2022_en

deimhnithe sláinte eiseamláireacha leictreonacha ar fáil do na Ballstáit go léir a bhí i mbun pléití le húdaráis na Ríochta Aontaithe maidir lena nglacadh.

Cé go bhfuil sé róluath fós measúnú a dhéanamh ar an tionchar eacnamaíoch iomlán a bheadh ag imeacht na Ríochta Aontaithe as margadh aonair an Aontais, léiríonn na sonraí is déanaí go bhfuil an sreabhadh trádála idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe cobhsaithe i bpáirt in 2021, tar éis dheireadh na hidirthréimhse. Mar sin féin, d'fhan siad níos ísle ná mar a bhí siad in 2019 agus roimhe sin.

Maidir le trádáil in earraí, measann Eurostat, i leith na bliana 2021, go ndearnadh EUR 146 bhilliún d'allmhairí isteach san Aontais ón Ríocht Aontaithe, ar laghdú suntasach é i gcomparáid le 2020 (-13.6 %) agus le 2019 (-24.8 %). Meastar gurb ionann onnmhairí ón Aontais chuig an Ríocht Aontaithe agus EUR 283 bhilliún, méadú 1.9 % i gcomparáid le 2020 ach 11.4 % níos ísle fós ná an leibhéal a cláraíodh in 2019.

Taispeántar i dTábla 1 gur mhéadaigh allmhairí agus onnmhairí in earraí an Aontais araon leis an gcuid eile dá chomhpháirtithe go mór in 2021 i gcomparáid le 2020 (+27 % agus +14.6 % faoi seach) agus os cionn leibhéal 2019, roimh an bpaindéim (12.5 % d'allmhairí agus 4.7 % d'onnmhairí) agus tá an trádáil leis an Ríocht Aontaithe fós i bhfad níos ísle ná na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim.

Rinneadh difear ar leith d'innealra agus do threalamh iompair, arb ionann iad agus sciar ábhartha den trádáil dhéthaobhach. Tháinig crapadh 26.2 % ar allmhairí isteach san Aontais ón Ríocht Aontaithe san earnáil seo in 2021 i gcomparáid le 2020 agus tháinig crapadh 37.9 % orthu i gcomparáid le 2019. Tháinig crapadh 3.1 % ar onnmhairí an Aontais in 2021 i gcomparáid le 2020 agus tháinig crapadh 20.5 % orthu i gcomparáid le 2019. I ndearbhthéarmaí, bhí allmhairí agus onnmhairí in innealra agus i dtrealamh iompair idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, in 2021, níos mó ná EUR 52 bhilliún faoi bhun an leibhéil a cláraíodh in 2019.[16]

[16] Rinne mórathrú ón 1 Eanáir 2021 difear do na staitisticí lena dtomhaistear trádáil an Aontais leis an Ríocht Aontaithe, nuair a cuireadh staitisticí bunaithe ar chustam lena dtomhaistear tír thionscnaimh seachas tír an choinsínithe in ionad staitisticí bunaithe ar shuirbhé a úsáideadh chun trádáil laistigh den Aontas a thomhas. Is dócha gur chúitigh gnóthachain i dtrádáil le tíortha eile nach tíortha den Aontas Eorpach iad (cuid de) na caillteanais i dtrádáil an Aontais leis an Ríocht Aontaithe. Ag an gcéim seo, ní féidir an éifeacht staidrimh seo a chainníochtú.

**Tábla 1. Trádáil marsantais AE27 in 2021 de réir comhpháirtí agus earnáil SITC i gcomparáid le blianta roimhe seo**

| | **Allmhairí isteach san Aontas Eorpach** | *% athrú i gcomparáid le* | | **Onnmhairí ón Aontas Eorpach** | *% athrú i gcomparáid le* | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2021 milliún € | *2020* | *2019* | 2021 milliún € | *2020* | *2019* |
| **Trádáil AE27 de réir comhpháirtí** | | | ***IOMLÁN Na táirgí go léir*** | | | |
| RA | 146,025 | -13.6 | -24.8 | 283,589 | 1.9 | -11.4 |
| AE27-Breise (gan an Ríocht Aontaithe a chur san áireamh) | 1,965,514 | 27.0 | 12.5 | 1,896,887 | 14.6 | 4.7 |
| **Trádáil AE27 de réir earnáil SITC** | | | ***Comhpháirtí : an Ríocht Aontaithe*** | | | |
| 0 - Bia agus ainmhithe beo | 9,444 | -26.8 | -31.5 | 31,716 | -4.5 | -3.9 |
| 1 - Deochanna agus Tobac | 2,637 | -9.8 | -23.5 | 6,269 | 5.1 | 7.3 |
| 2 - Amh-ábhair, do-ite, seachas breoslaí | 4,349 | 34.1 | 22.9 | 9,535 | 53.9 | 55.3 |
| 3 - Breoslaí mianra, ábhair bhealaitheacha agus ábhair ghaolmhara | 20,913 | 37.8 | -6.5 | 10,775 | 92.6 | 6.9 |
| 4 - Olaí, saillte agus céireacha ainmhíocha agus plandúla | 451 | -21.4 | -6.3 | 1,034 | 2.6 | 9.7 |
| 5 - Ceimicigh agus táirgí gaolmhara, nach bhfuil sonraithe in aon áit eile | 26,286 | -20.8 | -20.6 | 45,316 | 2.8 | -6.8 |
| 6 - Earraí monaraithe a aicmítear go príomha de réir an ábhair | 16,274 | -0.3 | -11.9 | 35,604 | 11.8 | -1.7 |
| 7 - Innealra agus trealamh iompair | 42,823 | -26.2 | -37.9 | 102,872 | -3.1 | -20.5 |
| 8 - Earraí monaraithe ilghnéitheacha | 13,917 | -36.0 | -44.3 | 33,592 | -8.3 | -22.1 |
| 9 - Tráchtearraí agus idirbhearta nach bhfuil sonraithe in aon áit eile | 8,931 | 83.0 | 72.7 | 6,877 | -9.6 | 1.3 |
| **Trádáil AE27 de réir earnáil SITC** | | | ***Comhpháirtí : AE27-Breise (gan an Ríocht Aontaithe a chur san áireamh)*** | | | |
| 0 - Bia agus ainmhithe beo | 98,296 | 8.2 | 5.1 | 103,475 | 5.9 | 12.2 |
| 1 - Deochanna agus tobac | 6,599 | 4.2 | -3.1 | 34,035 | 15.5 | 6.7 |
| 2 - Amh-ábhair, do-ite, seachas breoslaí | 87,727 | 34.3 | 29.5 | 53,542 | 32.2 | 26.8 |
| 3 - Breoslaí mianra, ábhair bhealaitheacha agus ábhair ghaolmhara | 359,916 | 74.6 | 5.6 | 93,312 | 59.5 | -0.1 |
| 4 - Olaí, saillte agus céireacha ainmhíocha agus plandúla | 13,458 | 27.2 | 48.7 | 6,642 | 20.0 | 32.9 |
| 5 - Ceimicigh agus táirgí gaolmhara, nach bhfuil sonraithe in aon áit eile | 244,176 | 22.1 | 20.9 | 410,917 | 12.0 | 14.7 |
| 6 - Earraí monaraithe a aicmítear go príomha de réir an ábhair | 222,081 | 26.8 | 24.0 | 203,994 | 18.4 | 5.8 |
| 7 - Innealra agus trealamh iompair | 627,878 | 18.5 | 10.3 | 727,950 | 11.3 | -1.9 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 8 - Earraí monaraithe ilghnéitheacha | 272,572 | 17.8 | 8.2 | 223,366 | 16.7 | 4.4 |
| 9 - Tráchtearraí agus idirbhearta nach bhfuil sonraithe in aon áit eile | 32,811 | 1.2 | 24.9 | 39,655 | 2.1 | -1.3 |

Foinse : Eurostat EXT_ST_EU27_2020SITC 18-Feabhra-22

## 5. Seirbhísí agus infheistíocht, trádáil dhigiteach, maoin intleachtúil, soláthar poiblí agus fiontair bheaga agus mheánmhéide

Le deireadh na hidirthréimhse, tháinig deireadh le saorghluaiseacht daoine, chomh maith leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, le saorghluaiseacht caipitil agus bunaíochta, agus mar thoradh air sin tháinig athrú ollmhór ar an gcaoi a bhfuil soláthróirí seirbhíse an dá chomhpháirtí in ann rochtain a fháil ar mhargaí a chéile. Tá sé níos dúshlánaí anois seirbhísí a sholáthar, rud a tharlaíonn anois ar bhonn tíre nach tír den Aontas Eorpach í. Tugann gnólachtaí a bhfuil sé beartaithe acu seirbhísí a sheachadadh nó infheisteoirí atá toilteanach iad féin a bhunú i gcríoch an pháirtí eile aghaidh ar bhacainní nua rialála agus riaracháin. Mar shampla, níl údaruithe ón tír dhúchais bailí a thuilleadh sa tír ósta, ní aithnítear cáilíochtaí gairmiúla chomh héasca céanna agus a aithnítear iad laistigh den Aontas Eorpach agus tá feidhm ag rialacha inimirce. Maidir le soláthróirí seirbhíse agus infheisteoirí na Ríochta Aontaithe, tá feidhm ag rialacha éagsúla maidir le gach ceann de na 27 mBallstát.

Cé go bhfuil forálacha sa Chomhaontú Trádála agus Comhair lena laghdaítear bacainní áirithe ar rochtain, mar shampla trí chosc a chur ar shrianta cainníochtúla amhail tástálacha ar riachtanais eacnamaíocha d'infheisteoirí agus do sholáthróirí seirbhíse nó lena bhforáiltear don fhéidearthacht cáilíochtaí gairmiúla a aithint,[17] níl aon chomparáid idir creat an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair agus na saoirsí bunaíochta ná le soláthar seirbhísí laistigh den mhargadh aonair. Déantar foráil sa Chomhaontú Trádála agus Comhair freisin maidir le trádáil dhigiteach agus caighdeáin fheabhsaithe a éascú i ndáil le maoin intleachtúil a chosaint, chomh maith le rialacha maidir le rochtain ar mhargaí soláthair phoiblí faoi seach.

Taispeántar ó na sonraí do na chéad trí ráithe de 2021 nár fhill an trádáil i seirbhísí go fóill ar na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim. Léirítear i dTábla 2, in ainneoin an teacht aniar i gcomparáid leis an gcéad 9 mí de 2020, go bhfuil allmhairí isteach san Aontas ón Ríocht Aontaithe agus ón gcuid eile dá gcomhpháirtithe trádála i bhfad níos ísle ná mar a bhí sa tréimhse chéanna in 2019, -9.3 % ón Ríocht Aontaithe agus -8 % i gcomparáid leis an gcuid eile den domhan. Agus onnmhairí ón Aontais sa chéad trí ráithe de 2021 á gcur i gcomparáid leis na honnmhairí sa tréimhse chéanna in 2019, tá an titim níos suntasaí maidir leis an Ríocht Aontaithe (-13.2 %) ná mar atá don chuid eile de chomhpháirtithe trádála an Aontais (-4.8 %).

Níl aon chomharthaí téarnaimh le feiceáil maidir le 2020, tá earnáil an taistil ar cheann de na cinn is mó atá buailte. Maidir le hallmhairí agus onnmhairí an Aontais leis an Ríocht Aontaithe agus leis an gcuid eile dá chomhpháirtithe trádála, sa chéad naoi mí de 2021, tá na leibhéil fós i bhfad níos ísle ná leibhéil na tréimhse céanna in 2019.

Rinneadh difear mór don trádáil i seirbhísí Iompair, seirbhísí Tógála agus i Muirir as maoin intleachtúil a úsáid freisin ach baineann sé seo den chuid is mó leis an trádáil idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, tá an trádáil idir an tAontas agus a chomhpháirtithe trádála eile anois os cionn na leibhéal a cláraíodh sa chéad naoi mí de 2019. Is léiriú é sin ar an éifeacht a bhí ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

---

[17] Is féidir le comhlachtaí gairmiúla an dá chomhpháirtí a iarraidh ar an gComhairle Comhpháirtíochta aitheantas a fhormheas ina n-earnáil.

Le linn 2021, dhírigh an Coimisiún a iarrachtaí ar bhacainní a shárú a bhaineann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair a chur chun feidhme. Mar shampla, bhíothas in ann rialacha inimirce na Ríochta Aontaithe a shoiléiriú maidir le ceart fochonraitheoirí seirbhísí suiteála agus cothabhála a dhéanamh ina críoch.

Ó thaobh an Choimisiúin de, chomhlíon sé na hoibleagáidí trédhearcachta faoin gComhaontú Trádála agus Comhair. Tá fáil phoiblí anois ag daoine nádúrtha ar fhaisnéis maidir le soláthar seirbhísí. Chomh maith leis sin, chomhlíon an Coimisiún a oibleagáid chun láithreán gréasáin poiblí a fhorbairt ina bhfuil faisnéis faoi FBManna.[18]

Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag déanamh faireacháin ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair maidir le seirbhísí agus infheistíocht, trádáil dhigiteach, maoin intleachtúil, soláthar poiblí agus FBManna agus éileoidh sé go gcomhlíonfar an Comhaontú Trádála agus Comhair. Tabharfaidh sé faoin obair leantach le húdaráis ábhartha na Ríochta Aontaithe maidir le reachtaíocht soláthair phoiblí amach anseo[19], rud ar léirigh páirtithe leasmhara an Aontais ábhair imní ina leith. Leanfaidh an Coimisiún freisin de bheith ag déanamh dlúthfhaireacháin ar thionchar forbairtí reachtacha eile sa Ríocht Aontaithe, a dhéanann difear do na hábhair a chumhdaítear faoin gComhaontú Trádála agus Comhair.

[18] https://trade.ec.europa.eu/access-to-markets/en/home

[19] Féach: https://www.gov.uk/government/consultations/green-paper-transforming-public-procurement/outcome/transforming-public-procurement-government-response-to-consultation

Tábla 2. Seirbhísí AE27 ag trádáil sa chéad 9 mí de 2021 de réir comhpháirtí agus earnála seirbhíse i gcomparáid leis an tréimhse chéanna sna blianta roimhe sin

| | **Allmhairí isteach san Aontas Eorpach** Ean.-MFómh. 2021 | *% athrú i gcomparáid le hEanáir-Meán Fómhair* | | **Onnmhairí ón Aontas Eorpach** Ean.-MFómh. 2021 | *% athrú i gcomparáid le hEanáir-Meán Fómhair* | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Milliún € | 2020 | 2019 | Milliún € | 2020 | 2019 |
| **Trádáil AE27 de réir comhpháirtí** | **IOMLÁN Gach seirbhís** | | | | | |
| RA | 114858 | 3.9 | -9.3 | 143253 | 6.4 | -13.2 |
| AE27-Breise (gan an Ríocht Aontaithe a chur san áireamh) | 499,174 | -4.4 | -8.0 | 574,356 | 12.3 | -4.8 |
| **Trádáil AE27 de réir earnáil na seirbhísí** | ***Comhpháirtí : an Ríocht Aontaithe*** | | | | | |
| Seirbhísí monaraithe maidir le hionchuir fhisiciúla atá faoi úinéireacht daoine eile | 1,349 | 1.8 | -8.7 | 3,721 | -3.1 | -2.9 |
| Seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin nach n-áirítear in áit eile | 1,414 | -6.2 | -27.6 | 1,792 | -19.5 | -24.9 |
| Iompar | 9,101 | -7.9 | -27.4 | 15,534 | 4.0 | -24.9 |
| Taisteal | 3,934 | -33.0 | -71.9 | 9,912 | -9.7 | -70.2 |
| Tógáil | 1,339 | -5.6 | -51.4 | 1,599 | -12.8 | -57.7 |
| Seirbhísí árachais agus pinsin | 6,342 | 25.4 | 37.8 | 8,487 | 35.4 | 55.8 |
| Seirbhísí airgeadais | 20,121 | 22.8 | 19.8 | 22,693 | 12.1 | 11.9 |
| Muirir as maoin intleachtúil a úsáid nach n-áirítear in áit eile | 9,061 | 4.0 | -21.8 | 7,267 | 8.6 | -8.4 |
| Seirbhísí teileachumarsáide, ríomhaireachta agus faisnéise | 14,181 | 2.9 | 8.3 | 27,357 | 9.7 | 14.7 |
| Seirbhísí gnó eile | 44,670 | 4.0 | 2.5 | 38,337 | 4.8 | 1.8 |
| Seirbhísí pearsanta, cultúrtha agus áineasa | 2,990 | 4.4 | -11.5 | 2,798 | 15.8 | 8.1 |
| Earraí agus seirbhísí rialtais nach n-áirítear in áit eile | 258 | -55.6 | -64.5 | 822 | 13.2 | 13.5 |
| Seirbhísí gan leithdháileadh | 101 | -39.4 | -27.4 | 2,936 | -1.0 | 13.3 |
| **Trádáil AE27 de réir na hearnála um earraí** | ***Comhpháirtí : AE27-Breise (gan an Ríocht Aontaithe a chur san áireamh)*** | | | | | |
| Seirbhísí monaraithe maidir le hionchuir fhisiciúla atá faoi úinéireacht daoine eile | 11,556 | 10.5 | 14.5 | 16,907 | 12.4 | 8.5 |
| Seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin nach n-áirítear in áit eile. | 8,427 | -8.4 | -17.3 | 11,019 | -0.9 | -11.1 |
| Iompar | 96,165 | 20.4 | 1.8 | 126,803 | 31.8 | 8.0 |
| Taisteal | 26,230 | -11.3 | -63.6 | 32,400 | -4.5 | -66.4 |
| Tógáil | 2,371 | 1.3 | -0.3 | 5,205 | -16.5 | -28.3 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Seirbhísí árachais agus pinsin | 12,707 | 18.4 | 20.6 | 11,094 | -0.4 | 3.1 |
| Seirbhísí airgeadais | 38,530 | 22.7 | 32.9 | 42,347 | 11.3 | 13.5 |
| Muirir as maoin intleachtúil a úsáid nach n-áirítear in áit eile | 104,010 | 21.6 | 38.4 | 51,547 | -1.8 | 1.4 |
| Seirbhísí teileachumarsáide, ríomhaire agus faisnéise | 43,818 | 11.6 | 8.2 | 119,666 | 22.0 | 22.1 |
| Seirbhísí gnó eile | 148,391 | -31.3 | -21.8 | 140,995 | 4.8 | -1.2 |
| Seirbhísí pearsanta, cultúrtha agus áineasa | 4,779 | -2.2 | -12.6 | 7,318 | 5.9 | -0.5 |
| Earraí agus seirbhísí rialtais nach n-áirítear in áit eile | 1,984 | -11.9 | -14.1 | 3,738 | -18.3 | -15.3 |
| Seirbhísí gan leithdháileadh | 208 | -52.8 | -50.0 | 5,319 | 72.8 | 63.2 |

Foinse: Eurostat. Comhardú íocaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus an limistéir euro - sonraí ráithiúla (BPM6) - Arna mbaint an 18 Feabh. 2022

## 6. Fuinneamh

Tar éis dheireadh na hidirthréimhse, ní bheidh an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i margadh aonair fuinnimh an Aontais a thuilleadh, lena n-áirítear a rialachas agus a shocruithe trádála. Cé go leagtar amach forálacha sa Chomhaontú Trádála agus Comhair chun an sreabhadh fuinnimh a éascú, tá próisis trádála tar éis éirí níos casta.

Ceadaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair socruithe speisialta trádála a fhorbairt do shreabhadh leictreachais idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe. Mar chéad chéim, iarradh ar oibreoirí córas tarchurtha an dá pháirtí anailís costais is tairbhe a tharraingt suas. Mar sin féin, cuireadh torthaí míshásúla ar fáil san anailís a cuireadh i láthair i gcomhpháirt i mí Bealtaine 2021, rud a léiríonn, i measc nithe eile, go bhfuil riosca tromchúiseach ann go ndéanfaí cúbláil agus cur isteach ar an margadh. Tá an Coimisiún ag obair ar roghanna agus ar roghanna malartacha chun an oibleagáid sin a chur chun feidhme.

Foráiltear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair freisin do chomhar maidir le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a fhorbairt, atá le ról lárnach a bheith aige maidir le glanspriocanna nialasacha an dá pháirtí a bhaint amach i dtaca lena n-astaíochtaí gás ceaptha teasa. Ag tógáil ar Chomhar Fuinnimh na Mara Thuaidh, cuireadh tús leis an gcaibidlíocht in 2021 d'fhonn Meabhrán Tuisceana a shíniú chun fóram sonrach a chruthú le haghaidh pléití teicniúla leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le heangach amach ón gcósta agus le hacmhainneacht mhór fuinnimh inathnuaite réigiún na Mara Thuaidh a fhorbairt.

## 7. Cothrom iomaíochta um an iomaíocht chóir agus oscailte agus um fhorbairt inbhuanaithe

Chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe sa Chomhaontú Trádála agus Comhair go n-éilíonn trádáil agus infheistíocht dálaí chun cothrom iomaíochta agus forbairt inbhuanaithe a áirithiú. I ndáil leis sin, ní mór faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar aon fhorbairtí ábhartha i ndlí na Ríochta Aontaithe maidir le rialú fóirdheontais, cánachas, caighdeáin saothair agus shóisialta, chomh maith leis an gcomhshaol agus leis an aeráid, mar a cheanglaítear le hAirteagal 2(4) de Chinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle.

Chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí den sórt sin, úsáideann an Coimisiún faisnéis arna bailiú ag a sheirbhísí agus ag a Bhallstáit, ionchur ó pháirithe leasmhara an Aontais, teagmhálacha foirmiúla agus neamhfhoirmiúla i gcomhthéacs fóraim idirnáisiúnta agus iltaobhacha, chomh maith le sainchoistí arna mbunú faoin gComhaontú Trádála agus Comhair. Ina theannta sin, déanann an Coimisiún dlúthfhaireachán ar fhorbairt na n-athruithe rialála, agus anailís á déanamh aige ar thuarascálacha ó mheithleacha machnaimh, ó eagraíochtaí gnó, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha, ó na meáin agus ó pháirtithe leasmhara eile. Cuireann an pointe iontrála aonair[20] arna bhunú ag an gComhaontú Trádála agus Comhair faisnéis ar fáil don Choimisiún maidir lena chuid anailísí.

[20] Is é an Pointe Iontrála Aonair an pointe teagmhála láraithe do pháirtithe leasmhara atá bunaithe san Aontas agus ar mian leo gearán a dhéanamh maidir le saincheisteanna a bhaineann le rochtain ar an margadh, le cothrom iomaíochta nó le neamhchomhlíonadh na ngealltanas ón gcóras Trádála agus Forbartha Inbhuanaithe nó ón gCóras Ginearálaithe um Fhabhair. Is féidir teacht ar thuilleadh faisnéise ar https://ec.europa.eu/trade/trade-policy-and-you/contacts/chief-trade-enforcement-officer/

## 7.1. Caighdeáin saothair agus caighdeáin shóisialta, an comhshaol agus an aeráid, forbairt inbhuanaithe

Tar éis di tarraingt siar as an Aontas, d'fhógair an Ríocht Aontaithe athchóiriú rialála forleathan mar chuid dá huaillmhian *'smacht a fháil in athuair ar ár ndlíthe'* agus sheol sí comhairliúchán poiblí maidir le hathchóiriú an chreata um rialáil níos fearr.[21]

I réimse an bheartais saothair agus an bheartais shóisialta, d'fhógair rialtas na Ríochta Aontaithe go bhfuil sé ar intinn aige comhlacht aonair forfheidhmithe a bhunú do chearta fostaíochta, comhlacht a mbeidh sé de chúram air maoirseacht láraithe ar a dhlíthe saothair a áirithiú.[22] Tá an Coimisiún ag leanúint go dlúth leis an bhforbairt reachtach sin, go háirithe maidir le cumhachtaí agus acmhainní an chomhlachta chun a ról forfheidhmithe a chomhlíonadh. A luaithe a thiocfaidh an dlí i bhfeidhm, déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar na caighdeáin saothair agus shóisialta ábhartha a fhorfheidhmiú go héifeachtach, mar a cheanglaítear orthu faoin gComhaontú Trádála agus Comhair. Phléigh an Coimisiún agus an Ríocht Aontaithe an tsaincheist seo ag an gcéad chruinniú den Choiste Speisialaithe maidir le Cothrom Iomaíochta um an Iomaíocht Chóir agus Oscailte agus um Fhorbairt Inbhuanaithe inar chomhaontaigh an dá pháirtí an tábhacht a bhaineann le forfheidhmiú éifeachtach chearta na n-oibrithe.

Ghlac an Ríocht Aontaithe freisin Acht Comhshaoil 2021[23] lena mbunaítear an Oifig um Chaomhnú Comhshaoil agus lena dtugtar aghaidh ar ghnéithe beartais sonracha a bhaineann le dramhaíl, bithéagsúlacht, cáilíocht an aeir, uisce agus caomhnú. Sa chás sin, déanfaidh an Coimisiún faireachán freisin le fáil amach an bhfuil dóthain cumhachtaí agus acmhainní ag an Oifig le go mbeidh sí in ann na rialacha comhshaoil a fhorfheidhmiú go héifeachtach, i gcomhréir le hoibleagáidí an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair. Ina theannta sin, tabharfaidh an Coimisiún aird ar chur chun feidhme éifeachtach na ngealltanas comhshaoil tar éis an ghnímh a ghlacadh agus ar an reachtaíocht thánaisteach a leanfaidh.

Tugadh rialacha an Aontais maidir le rialáil earnáil na gceimiceán isteach i ndlí baile na Ríochta Aontaithe[24] in 2021 agus bhí roinnt oiriúnuithe ann mar thoradh ar tharraingt siar na tíre as an Aontas. Tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ag an gCoimisiún ar chur chuige na Ríochta Aontaithe maidir le srianta, údaruithe agus cláruithe substaintí ceimiceacha chun a áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáidí ábhartha an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair.

Maidir le cosaint na haeráide, thug an Ríocht Aontaithe isteach a Scéim Trádála Astaíochtaí féin.[25] Baineann an scéim le tionscail dianfhuinnimh, leis an earnáil giniúna cumhachta agus leis an eitlíocht. Cumhdaítear gníomhaíochtaí inti ina ndéantar breoslaí a dhó i suiteálacha. San eitlíocht, baineann an scéim le heitiltí laistigh den Ríocht Aontaithe, chomh maith leo siúd go Giobráltar agus go dtí an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Ó mhí Bealtaine 2021, tá an Ríocht Aontaithe ag eagrú ceantanna a bhaineann le trádáil astaíochtaí. Go dtí seo bhí na

---

[21] Fógra maidir le hathchóiriú rialála na bpríomhearnálacha: https://www.gov.uk/government/publications/brexit-opportunities-regulatory-reforms

[22] https://assets.publishing.service.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/991751/single-enforcement-body-consultation-govt-response.pdf

[23] https://www.legislation.gov.uk/ukpga/2021/30/contents/enacted

[24] https://www.hse.gov.uk/reach/index.htm

[25] https://www.gov.uk/government/publications/participating-in-the-uk-ets/participating-in-the-uk-ets

praghsanna imréitigh ar leibhéil atá inchomparáide leis nó níos airde ná na leibhéil san Aontas.

Ceanglaítear le hAirteagal 18(2) de Chairt Shóisialta na hEorpa[26] ar an Ríocht Aontaithe dleachtanna seansaireachta, lena n-áirítear táillí ar víosa oibre, a dhíothú nó a laghdú. Go dtí le déanaí, chuir an Ríocht Aontaithe laghdú GBP 55 ar tháillí ar víosa fadtéarmacha i bhfeidhm maidir le gach oibrí a thagann ó na stáit a thoiligh leis an gCairt a bhí oscailte lena síniú in 1961. I mí na Nollag 2020, d'fhógair an Ríocht Aontaithe nach mbeadh feidhm ag an laghdú sin maidir le náisiúnaigh ó chúig Bhallstát an Aontais faoi 2021.[27] I mí Iúil 2021, sheirbheáil an Ríocht Aontaithe fógra go raibh sé ar intinn aici Airteagal 18(2) de Chairt Shóisialta na hEorpa a shéanadh. I mí Mheán Fómhair 2021, chinn an Ríocht Aontaithe deireadh a chur leis an laghdú ar an táille víosa do shaoránaigh uile an Aontais ó mhí Feabhra 2022. D'ardaigh an Coimisiún an tsaincheist seo ag cruinnithe na Comhairle Comhpháirtíochta agus ag cruinnithe an Choiste Speisialaithe um Chothrom Iomaíochta um an Iomaíocht Chóir agus Oscailte agus um Fhorbairt Inbhuanaithe. Chuir sé in iúl go raibh díomá air nár chuir an Ríocht Aontaithe an lascaine ar an táille ar víosa ar fáil do shaoránaigh na gcúig Bhallstát de chuid an Aontais lena mbaineann, ach ina ionad sin chinn sí an lascaine a bhaint ar fad.

## 7.2. Rialú Fóirdheontais

I mí an Mheithimh 2021, mhol rialtas na Ríochta Aontaithe Bille um Rialú Fóirdheontais[28] agus é d'aidhm aige creat dlíthiúil a bhunú le haghaidh formhaoirseacht ar fhóirdheontas amach anseo. Déantar foráil sa bhille do rialacha substainteacha agus forfheidhmithe.

Maidir leis na rialacha substainteacha, foráiltear leis an mbille do shainmhíniú ar fhóirdheontas agus do shraith prionsabal ginearálta agus sonrach maidir le fóirdheontas, atá bunaithe ar na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Trádála agus Comhair, chomh maith leis na forálacha maidir le trédhearcacht.

Maidir le forfheidhmiú, bunaítear leis an mbille Aonad Fóirdheontais laistigh den Údarás um Thomhaltóirí agus Margaí, a ghlacfaidh ról comhlachta neamhspleách a bhfuil cumhachtaí rialaithe fóirdheontais aige. Foráiltear leis an mbille do chóras rialaithe fóirdheontais ex-post le roinnt eilimintí ex-ante. Beidh an Binse Achomhairc Iomaíochta in ann ordú gnóthaithe a fhorchur má dheonaítear fóirdheontas go neamhdhleathach. Táthar ag súil go n-eiseofar rialacha breise cur chun feidhme agus treoir bhreise. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag déanamh faireacháin ar fhorbairtí.

Féachann an Coimisiún freisin ar na fóirdheontais chun tacú le fuinneamh inathnuaite faoi scéim na Ríochta Aontaithe 'Conarthaí Difríochta'.[29] Chuir an Coimisiún a ábhair imní in iúl maidir le *'céatadán d'inneachar na Ríochta Aontaithe'* a áireamh i gceistneoir an phlean slabhra soláthair. Tharraing an Coimisiún an cheist seo anuas i gcruinnithe an Choiste

[26] Is conradh é Cairt Shóisialta na hEorpa a tugadh i gcrích faoi Chomhairle na hEorpa, a osclaíodh chun a sínithe in 1961 agus a tháinig i bhfeidhm den chéad uair in 1965. Rinneadh athbhreithniú ar an gCairt in 1996. Tháinig Cairt Shóisialta na hEorpa (Athbhreithnithe) i bhfeidhm in 1999: https://rm.coe.int/CoERMPublicCommonSearchServices/DisplayDCTMContent?documentId=090000168048b059

[27] An Bhulgáir, an Eastóin, an Liotuáin, an Rómáin agus an tSlóivéin.

[28] https://www.gov.uk/government/collections/subsidy-control-bill

[29] https://www.gov.uk/government/publications/contracts-for-difference/contract-for-difference

Speisialaithe Trádála maidir le hEarraí agus i gcruinnithe an Choiste Speisialaithe Trádála um Iomaíocht atá Oscailte agus Cothrom agus Forbairt Inbhuanaithe, chomh maith leis an gCoiste um Chomhpháirtíocht Trádála. D'iarr an Coimisiún ar an Ríocht Aontaithe faisnéis maidir le hinneachar áitiúil a bhaint den cheistneoir agus scóráil na gcritéar incháilitheachta a oiriúnú dá réir, agus chun treoir bhreise a eisiúint chun a dheimhniú gur baineadh an cheist maidir le hinneachar na Ríochta Aontaithe agus nach scórálfaí é ar bhealach ar bith, lena n-áirítear ag céim an chur chun feidhme, agus aon ról le haghaidh suímh á bhaint go héifeachtach.

Bheartaigh an Ríocht Aontaithe ocht saorphort a bhunú[30], a raibh dhá cheann díobh ag feidhmiú in 2021, le rialacha sonracha amhail bearta cánach dírí (e.g. faoiseamh cánach) agus próisis chustaim shimplithe nó fóirdheontais a thacaíonn le trádáil agus infheistíocht. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag déanamh faireacháin ar a gcur ar bun agus de ghrinnscrúdú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann siad na forálacha maidir le cothrom iomaíochta sa Chomhaontú Trádála agus Comhair, go háirithe na forálacha sin a bhaineann le fóirdheontais agus cánachas.

## 8. Iompar

Tar éis dheireadh na hidirthréimhse, níor thairbhigh an Ríocht Aontaithe a thuilleadh de mhargadh aonair an Aontais i réimse an iompair. Cé go ndéantar foráil sa Chomhaontú Trádála agus Comhair do na rialacha lena gcoimeádtar nascacht idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, is lú i bhfad cearta rochtana oibreoirí iompair, go háirithe san eitlíocht agus san iompar de bhóthar, ná na cearta atá ar fáil i margadh aonair an Aontais Eorpaigh. Mar shampla, ní féidir le haerlínte na Ríochta Aontaithe seirbhísí rialta aeriompair a thairiscint idir na Ballstáit a thuilleadh.

Tosaíodh cur i bhfeidhm láithreach na gceart frithpháirteach a chomhaontaigh na páirtithe san aeriompar agus in iompar de bhóthar ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair agus go nuige seo níor bhain aon fhadhb leo.

Ceadaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair freisin go bhféadfaí comhaontuithe déthaobhacha a thabhairt i gcrích idir na Ballstáit agus an Ríocht Aontaithe le haghaidh seirbhísí aeriompair uile-lasta faoi ‘chearta iompair cúigiú saoirse’, mar a thugtar orthu.[31] Bunaithe ar an údarú faoi Airteagal 6 de Chinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle, thug na Ballstáit seo a leanas fógra don Choimisiún maidir lena gcomhaontuithe leis an Ríocht Aontaithe faoi dheireadh 2021: Lucsamburg, Málta, an Fhrainc, an tSlóvaic, an Ghearmáin, an Eastóin, Poblacht na Seice, an Fhionlainn, an Bheilg, an tSualainn, an Danmhairg, an Bhulgáir, an Ungáir, an Laitvia, an Ísiltír, Éire, an Chipir, an Ghréig agus an Liotuáin.

Maidir le seiceálacha aeracmhainneachta d'aerárthaí, d'innill agus do liáin a dearadh ina gcríocha, chomh maith le próisis deimhniúcháin ghaolmhara, cuireadh 15 bhailíochtú i gcrích in 2021, ina gcuimsítear den chuid is mó deimhnithe de chineál forlíontach nó athruithe ar na

[30] https://www.instituteforgovernment.org.uk/explainers/trade-freeports-free-zones

[31] An ceart nó an phribhléid, maidir le haersheirbhísí idirnáisiúnta sceidealta, a dheonóidh Stát amháin do Stát eile chun trácht a thiocfaidh ó thríú Stát nó a bheidh ag triall ar thríú Stát a chur síos agus a ghabháil ar chríoch an chéad Stáit

dearaí atá ann cheana. Astu sin, bhronn Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa 13 bhailíochtú agus bhronn Údarás Eitlíochta Sibhialta na Ríochta Aontaithe dhá bhailíochtú.

## 9. Iascach

Faoi dheireadh na hidirthréimhse, scoir an Ríocht Aontaithe de bheith rannpháirteach i gcomhbheartas iascaigh an Aontais Eorpaigh. Cé go ndéanann an Comhaontú Trádála agus Comhair foráil do rochtain chómhalartach ar uiscí gach páirtí, chomh maith le rialacha sonracha a bhaineann le rochtain ar uiscí Spleáchríocha na Ríochta Aontaithe le linn tréimhse coigeartaithe, tá athrú suntasach tagtha ar na dálaí iascaireachta d'iascairí an dá pháirtí.

Dhaingnigh an Coimisiún rochtain ar uiscí na Ríochta Aontaithe agus ar uiscí Spleáchríocha na Ríochta Aontaithe den chuid is mó de chabhlach iascaireachta an Aontais Eorpaigh. Mar sin féin, ba dheacair rochtain a áirithiú d'uiscí teorann na Ríochta Aontaithe (6 -12 mhíle) agus d'uiscí Oileáin Mhuir nIocht ar árthaí níos lú agus ar árthaí athsholáthair an Aontais. Cé go ndearnadh dul chun cinn suntasach, ní raibh ceadúnas faighte ag roinnt árthaí a bhí ag iarraidh rochtain a fháil ar na huiscí sin faoi dheireadh na bliana. Tá scrúdú á dhéanamh ag an gCoimisiún, in éineacht leis na Ballstáit lena mbaineann, ar na himthosca a bhaineann le gach ceadúnas iarrtha nár deonaíodh.

Ina theannta sin, rinne na páirtithe fógraí a mhalartú maidir le gach beart bainistíochta nua, mar a cheanglaítear le hAirteagal 496(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair. Is é an Coiste Speisialaithe um Iascach a fhorbróidh amlínte agus nósanna imeachta atá inghlactha go frithpháirteach d'fhógraí den sórt sin.

Reáchtáil an tAontas agus an Ríocht Aontaithe comhairliúcháin bhliantúla freisin maidir le bainistiú stoc comhroinnte. Thángthas ar chomhaontú maidir leis na gabhálacha iomlána incheadaithe do 2021 i mí an Mheithimh 2021. Thángthas ar chomhaontú maidir leis na gabhálacha iomlána incheadaithe le haghaidh 2022 i mí na Nollag 2021.

## 10. Comhordú na slándála sóisialta

Agus deireadh tagtha leis an idirthréimhse, tháinig deireadh le cur i bhfeidhm shásraí an Aontais maidir le comhordú na slándála sóisialta sa Ríocht Aontaithe. Cuireann an Comhaontú Trádála agus Comhair teorainn leis an tionchar diúltach trí chearta slándála sóisialta na ndaoine atá ag gluaiseacht idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe tar éis an 1 Eanáir 2021 a chosaint. Chuige sin, is féidir formhór na sochar slándála sóisialta a chomhordú leis.

Rinneadh dul chun cinn maith maidir le comhar i slándáil shóisialta in 2021. Níor sainaithníodh aon fhadhb struchtúrach maidir le cur chun feidhme an Phrótacail maidir le Comhordú Slándála Sóisialta faoin gComhaontú Trádála agus Comhair. Ina theannta sin, ghlac an Coiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta leasuithe ar iarscríbhinní an Phrótacail chun a dheimhniú go leanann na Ballstáit de cheadú d'oibrithe a phostú chuig an Ríocht Aontaithe nó uaithi, iad a bheith cumhdaithe ag reachtaíocht slándála sóisialta an Stáit shallchuir faoi choinníollacha sonracha.

## 11. Forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla

Le deireadh na hidirthréimhse, tháinig athrú ar na socruithe maidir le comhar i bhforfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe. Mar shampla, cuireadh cúnamh dlíthiúil frithpháirteach in ionad na sásraí atá bunaithe ar aitheantas frithpháirteach. Thairis sin, níl an Ríocht Aontaithe ina ball de ghníomhaireachtaí an Aontais um fhorfheidhmiú an dlí a thuilleadh agus níl ach rochtain theoranta nó gan rochtain ar bith aici ar bhunachair sonraí an Aontais Eorpaigh. Cé go ndéanann an Comhaontú Trádála agus Comhair foráil do chomhar idir na páirtithe, déantar comhar den sórt sin anois ar bhonn tíre nach tír de chuid an Aontais í.

In 2021, lean comhar oibríochtúil le Europol agus Eurojust ar aghaidh, cé go raibh sé faoi stádas tíre nach bhfuil san Aontas agus faoi réir socruithe déthaobhacha. Chuige sin, síníodh socrú oibre agus riaracháin le Europol lena mbunaítear caidreamh comhair an 27 Meán Fómhair 2021 agus síníodh an socrú oibre le Eurojust an 20 Nollaig 2021.

Chuir an Coiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach, a dhéanann maoirseacht ar chur chun feidhme na socruithe comhair faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, síneadh leis an idirthréimhse chun meastóireacht ex-ante a dhéanamh ar naisc DNA agus méarlorg na Ríochta Aontaithe.[32] Ní féidir an idirthréimhse sin a shíneadh níos faide ná an 30 Meitheamh 2022, arb é an dáta é faoina gcaithfear naisc na Ríochta Aontaithe a mheas.

Ceanglaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair ar an Ríocht Aontaithe sonraí maidir le Taifead Ainmneacha Paisinéirí a fhaightear tar éis do phaisinéirí imeacht ón tír a scriosadh mura léirítear leis an measúnú riosca gur gá na sonraí sin a choinneáil. Ceadaíodh don Ríocht Aontaithe maolú a dhéanamh ar an oibleagáid sin ar feadh idirthréimhse bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, go dtí go gcuirfí coigeartuithe teicniúla áirithe chun feidhme. Bhí an idirthréimhse le teacht chun críche an 31 Nollaig 2021. Ar an 21 Nollaig 2021, áfach, tar éis don Chomhairle Comhpháirtíochta breithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a chuir an Ríocht Aontaithe ar fáil maidir leis na coimircí agus na gníomhaíochtaí a rinneadh chun gur féidir sonraí a scriosadh agus cumhachtú a úsáid faoi Airteagal 552(13) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, ghlac sí an cinneadh síneadh ama a chur leis an idirthréimhse ar feadh bliain bhreise i bhfianaise imthosca speisialta.[33]

## 12. Rannpháirtíocht i gcláir an Aontais Eorpaigh

Mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, chaill an Ríocht Aontaithe rochtain ar chláir an Aontais, lena n-áirítear a maoiniú agus a ndeiseanna malartaithe. Mar shampla, níl mic léinn ó institiúidí ardoideachais na tíre incháilithe a thuilleadh chun páirt a ghlacadh sa scéim malartaithe faoi Erasmus+.

---

32 Cinneadh Uimh. 1/2021 ón gCoiste Speisialaithe arna bhunú le hAirteagal 8(1)(r) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe an 28 Meán Fómhair 2021, maidir le fadú na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 540(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair ar féidir próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha a mhalartú leis an Ríocht Aontaithe lena linn.

33 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:22021D2323

Cé go bhfágtar leis an gComhaontú Trádála agus Comhair gur féidir leis an Ríocht Aontaithe a bheith rannpháirteach mar thír chomhlachaithe nach tír den Aontas Eorpach í i gcláir áirithe de chuid an Aontais, éilítear leis an rannpháirtíocht sin go nglacfar prótacail dhéthaobhacha agus ranníocaíochtaí airgeadais. Níor glacadh na prótacail seo in 2021.

Fad is a bheifear ag feitheamh ar a nglacadh, tairbheoidh eintitis ón Ríocht Aontaithe de shocruithe idirthréimhseacha a cheadaíonn dóibh iarratas a dhéanamh ar ghlaonna ar thograí faoi Fhís Eorpach agus dul faoi na nósanna imeachta meastóireachta.

Meabhraítear go bhfuil eintitis ó thíortha neamhchomhlachaithe nach tíortha den Aontas Eorpach iad i dteideal páirt a ghlacadh i dtionscadail Fís Eorpach gan maoiniú an Aontais a fháil, faoin Rialachán maidir le Fís Eorpach[34]. Sna cásanna sin, bheadh ar eintitis tríú tír tacaíocht airgeadais a fháil ó fhoinsí eile.

## 13. Conclúidí

In ainneoin raon feidhme fairsing gan fasach an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, agus na mbeart éascaithe trádála atá aige, níl an Comhaontú Trádála agus Comhair ina ionadaí ar bhallraíocht an Aontais, ná ní raibh sé i gceist riamh go mbeadh sé amhlaidh.

Maidir le trádáil in earraí, ní chuireann an Comhaontú Trádála agus Comhair deireadh le nósanna imeachta custaim ná le rialuithe custaim, ná le rialacha tionscnaimh chun leas a bhaint as deireadh a chur le taraifí, ná chun leas a bhaint as na bacainní neamhtharaife a eascraíonn as éagsúlacht rialála. Maidir le seirbhísí, níl na solúbthachtaí a thairgeann an Comhaontú Trádála agus Comhair inchomparáide ar aon bhealach leis an éascaíocht is féidir seirbhísí a sheachadadh i margadh aonair an Aontais. Is amhlaidh atá fíor i gcás gach réimse beartais eile de chuid an Aontais a dtugtar aghaidh orthu sa Chomhaontú Trádála agus Comhair, idir iompar agus fuinneamh, iascach agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla. In ainneoin an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, tá an trádáil agus an comhar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe éirithe níos casta agus níos dúshlánaí, i gcomparáid leis an staid ina raibh sé tráth a bhí an Ríocht Aontaithe ina ball den Aontas Eorpach.

Ós rud é gurb ionann Brexit agus deireadh an ailínithe rialála idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, tá na forbairtí reachtacha atá ar siúl faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo ábhartha chun an Comhaontú Trádála agus Comhair a chur chun feidhme go héifeachtach. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach faireachán leanúnach a dhéanamh ar athchóiriú rialála na Ríochta Aontaithe sna réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, chun a áirithiú nach mbeidh sé ag teacht salach ar fhorálacha an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair agus nach gcuirfear gnólachtaí an Aontais faoi mhíbhuntáiste iomaíochta.

Is é cuspóir an Aontais caidreamh seasmhach agus dearfach a choinneáil leis an Ríocht Aontaithe, atá fós ina príomh-chomhpháirtí trádála. Beidh cáilíocht an chaidrimh sa todhchaí

[34] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (OJ L170/1) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32021R0695&from=EN

ag brath cuid mhór, áfach, ar a mhéid a chomhlíonfaidh an Ríocht Aontaithe na gealltanais a gabhadh de láimh sa Chomhaontú Trádála agus Comhair agus sa Chomhaontú um Tharraingt Siar.